Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Meán Fómhair 2023
(OR. en)

12964/23

LIMITE

CSDP/PSDC 640
CFSP/PESC 1245
EUMC 385
COAFR 310
RELEX 1050
CONUN 243
CSC 440
EUTM RCA 7
PSC DEC 40

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar Mhisean CBSC an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2022/1919 (EUTM RCA/1/2023) |

**CINNEADH (CBES) 2023/… ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an …**

**maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar Mhisean CBSC an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2022/1919 (EUTM RCA/1/2023)**

PUBLIC

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2016/610 ón gComhairle an 19 Aibreán 2016 maidir le Misean CBSC an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA)[1], agus go háirithe Airteagal 5(1) de,

[1] IO L 104, 20.4.2016, lch. 21.

De bharr an méid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 5(1) de Chinneadh (CBES) 2016/610 ón gComhairle, d'údaraigh an Chomhairle an Choiste Polaitiúil agus Slándála na cinntí ábhartha a bhaineann le rialú polaitiúil agus treoshuíomh straitéiseach Mhisean Míleata CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) a dhéanamh, lena n-áirítear na cinntí maidir le Ceannasaithe Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM RCA a cheapadh ina dhiaidh sin.

(2) An 6 Deireadh Fómhair 2022, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2022/1919[1] lena gceaptar an Briogáidire-Ghinearál Lino Loureiro GONÇALVES mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais ar EUTM RCA.

(3) An 3 Lúnasa 2023, trí bhíthin Chinneadh (CBES) 2023/1600[2], chuir an Chomhairle síneadh le sainordú EUTM RCA go dtí an 19 Meán Fómhair 2024.

(4) An 9 Lúnasa 2023, mhol údaráis mhíleata na Rómáine go gceapfaí an Briogáidire-Ghinearál Cornel TONEA-BĂLAN chun teacht i gcomharbas ar an mBriogáidire-Ghinearál Lino Loureiro GONÇALVES mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM RCA ón 7 Deireadh Fómhair 2023.

(5) An 23 Lúnasa 2023, thacaigh Ceannasaí Mhisean an Aontais Eorpaigh leis an togra a rinne údaráis mhíleata na Rómáine.

---

[1] Cinneadh (CBES) 2022/1919 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 6 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar Mhisean Míleata CBSC an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2022/105 (EUTM RCA/3/2022) (IO L 263, 10.10.2022, lch. 19).

[2] Cinneadh (CBES) 2023/1600 ón gComhairle an 3 Lúnasa 2023 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2016/610 maidir le Misean CBSC de chuid an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) (IO L 196, 4.8.2023, lch. 35).



PUBLIC

(6) An 25 Lúnasa 2023, chomhaontaigh Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh a mholadh go bhformheasfadh an Coiste Polaitiúil agus Slándála an togra a rinne údaráis mhíleata na Rómáine.

(7) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an mBriogáidire-Ghinearál Cornel TONEA-BĂLAN a cheapadh mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM RCA ón 7 Deireadh Fómhair 2023.

(8) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2022/1919 a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar an Briogáidire-Ghinearál Cornel TONEA-BĂLAN mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar Mhisean CBSC an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) ón 7 Deireadh Fómhair 2023.

*Airteagal 2*

Déantar Cinneadh (CBES) 2022/1919 a aisghairm.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 7 Deireadh Fómhair 2023.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*
*An Cathaoirleach*

PUBLIC